**Miontuairiscí Boird Fhoras na Gaeilge don bhliain 2026**


| Dáta | Leathanach |
|---|---|
| 30 Eanáir | 02 |
| 06 Márta | 09 |
| 24 Aibreán | 17 |
| 26 Meitheamh | 25 |

**Miontuairiscí ón 224ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 30 Eanáir 2025 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 H275 agus ar Zúm.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, L. Rushe, M. Mac Ailín, D. Mac Cárthaigh, E. Mac Cormaic, N. Ní Chiaráin. |
| **Ar líne:** | I. Ó Dochartaigh, M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), G. Ní Chionnaith, R. Nic Fealóin, F. Nic Giolla Chatháin, O. Majekodunmi agus L. Ní Riada. |
| **Ag freastal:** | S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird). |
| **Leithscéalta:** | M. Ní Ghabháin. |

**1. Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte faoi gach duine a bhí i láthair ar an láthair agus ar líne. Cuireadh fáilte faoi leith roimh Mháirtín Mac Ailín ag a chéad chruinniú Boird.

**2. Gnó an Chathaoirligh**

Rinneadh comhghairdeas le M. Ní Ghabháin as breith a linbh.

**3. Miontuairiscí**

- **28 Samhain 2025**

  Faomhadh na miontuairiscí ón 28 Samhain 2025.

- **12 Nollaig**

  Rinneadh botún amháin cló a leasú agus faomhadh na miontuairiscí ón 12 Nollaig 2025.

**4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo ag éirí as na miontuairiscí:

Go bhfuil na miontuairiscí ar shuíomh Fhoras na Gaeilge suas chun dáta anois.

Go bhfuil litir le teacht ó Choiscéim le deimhnithe maidir le sonraí a bhaineann le hiarratas 2026

**5. Baol Coimhlintí Leasa**

Cláraíodh na baoil choimhlintí leasa seo a leanas:

- R. Nic Fealóin le cáipéisíocht 'Scéim Tionscadal Cholmcille'.

## 6. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an chruinnithe. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh cruinniú ann leis an Oifigeach i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste atá ag plé le Fleadh Cheoil 2026. Go mbeidh lárionad na Gaeilge sa MAC i mBéal Feirste. Iarradh ar an bhfeidhmeannas plé a dhéanamh le CCÉ maidir leis an mbunleagan Gaeilge d'ainm Bhéal Feirste a bheith in úsáid ar na comharthaí agus sna cáipéisí foilsithe don Fhleadh Cheoil, nós a bhíonn ann anois le Fleadh Cheoil na hÉireann.
- Go bhfuarthas dearbhú ón gCumann Lúthchleas Gael go bhfuil cinneadh déanta ag Comhairle CLG na Mumhan an post atá cómhaoinithe ag Foras na Gaeilge don Oifigeach Gaeilge a dhéanamh buan.
- Pléadh an caiteachas a ceadaíodh ag cruinniú Boird 12 Nollaig 2025 faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin.
    - Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir leis an maoiniú le haghaidh Scoil Scairte. Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go mbaineann an caiteachas a rinneadh do Scoil Scairte le hurraíocht a mbeimid ag fáil buntáiste aisti ar bhonn níos faide ná an ócáid féin. Míníodh go mbailítear staitisticí faoi íoslódálacha agus leantóirí agus go gcuirfear tuairisc i láthair an Bhoird ina leith.
- Cuireadh in iúl don Bhord go raibh sé i gceist éirí as bheith ag baint úsáid ghníomhach as an ardán meáin shóisialta X, de bharr na gconspóidí leanúnacha a bhain leis, agus go raibh sé i gceist díriú ar ardáin eile ina áit sin. Bhí an Bord d'aon tuairim gur gníomh inmholta a bhí ann, ach moladh sin a dhéanamh ar bhonn struchtúrtha pleanáilte lena chinntiú nach gcaillfí na leantóirí.
- D'iarr an Cathaoirleach ar an mBord an Ráiteas Deireadh Bliana a nótáil, agus d'iarr sí ar Chomhaltaí a bhí gníomhach ar na meáin shóisialta tacú le póstálacha Fhoras na Gaeilge ina gcuid póstálacha féin agus Foras na Gaeilge a chlibeáil agus iad ag déanamh postálacha a bhaineann leis an nGaeilge.

## 7. Cur i láthair ar dhá Cheanneagraíocht

Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig an bheirt bhall foirne, F. Uibh Eachach agus C. Ní Chonghaile isteach sa chruinniú le cur i láthair a dhéanamh ar na Ceanneagraíochtaí Gael Linn agus Conradh na Gaeilge, agus bhí plé ina leith. Ní raibh ceist ar bith ann maidir leis an dá chur i láthair. Gabhadh buíochas leis an mbeirt bhall foirne as a gcur i láthair.

Rinneadh plé ar bhealaí eile le heolas a chur i láthair an Bhoird maidir le gnéithe éagsúla de na conarthaí a bhí aontaithe leis na Ceanneagraíochtaí. Rinneadh plé fada ar na nithe ar mhaith le Comhaltaí éagsúla eolas a fháil orthu, agus ar an gcur chuige is fearr le teacht ar an eolas, ag cur san áireamh am an Bhoird, agus ag cur san áireamh na taithí a bhí ann ón uair dheireanach a tháinig Ceannasaithe na gCeanneagraíochtaí chuig Cruinnithe Boird.

Aontaíodh ar an chur chuige seo a leanas:

- Go gcuirfeadh comhaltaí Boird a gcuid moltaí maidir leis na rudaí ar mhaith leo eolas a fháil orthu ó na Ceanneagraíochtaí chuig Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh roimh 6 Feabhra 2026, agus bunaithe air sin, go gcuirfeadh an feidhmeannas moladh chuig an Choiste Forbartha, le teacht faoi bhráid an chéad chruinnithe eile den Bhord ar an 6 Marta.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág R. Nic Fealóin.

**8. Tuairiscí ó choistí an Bhoird**

**(a) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 20 Eanáir 2026.

- Míníodh go raibh plé déanta de réir an Nóis Imeachta maidir le litreacha faighte ar iarr a n-údáir iad a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird, ag an Choiste ar litir a bhí faighte ó Chearta i rphost ó Ard-Stiúrthóir Chonradh na Gaeilge roimh an Nollaig. Míníodh go raibh cinneadh déanta ag an gCoiste gan an litir a chur faoi bhráid an Bhoird ar an ábhar gur bhain sí le maoiniú, agus go bhféadfadh sí tionchar a bheith aici ar chinntí a dhéanfadh Comhaltaí maidir le maoiniú,
    - Tarraingíodh aird ar bhotún san eolas a cuireadh ar fáil don Bhord a bhain le dáta faighte na litreach.
- Míníodh go ndúnfar cuntas X Fhoras na Gaeilge céim ar chéim le daoine a choinneáil ar an eolas faoin bpróiseas.

**(b) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 21 Eanáir 2026.

- Dúradh go rabhthas sásta leis an tuairisc ar chéim 2 den Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus nótáladh an tuairisc.

**(c) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 15 Eanáir 2026.

- **Gaeloideachas - Nóta Eolais**

  Nótáladh an nóta eolais ar leasú buiséid Ghaeloideachas.

- **Cumann na bhFiann - Nóta Eolais**

  Nótáladh an nóta eolais ar leasú buiséad Chumann na bhFiann.

- **Scéim Tionscadal Cholmcille**
  Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim Thionscadal Cholmcille:

| Uimhir Tagartha | Ainm na heagraíochta | Dáta tosaigh | Dáta deiridh | Méid molta £ |
|---|---|---|---|---|
| **CC25004.17** | **Cumann Forbartha Carn Tóchair** | Iúil 2026 | Lúnasa 2026 | £9,000 |
| **CC25004.07** | **Raidió Fáilte** | 01/02/2026 | 30/11/2026 | £10,100 |

- Fiosraíodh an bhféadfaí Gaeilge Mhanann a chur san áireamh sa scéim sa todhchaí.
    - Luadh go raibh cruinniú ann le Bord na Gàidhlig agus go bhféadfaí a iarraidh ar ionadaí dá gcuid teacht chuig an gCoiste.
    - Dúradh go bhfuair an tionscadal 'Flourish' le hOllscoil Uladh €2,000,000 ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte agus go bhfuil gné mhór den tionscadal bainte leis an nGaol idir Éirinn agus Albain.

## 9. Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2025

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2025 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh an buiséad ag deireadh 2025 cothrom.
- Go bhfuil na fuílligh bainc an-íseal (faoi bhun 1%) i gcomparáid le blianta eile.
- Go raibh bliain an-mhaith ag Áis i dtaca le cúrsaí díolacháin de.
- Go bhfuil costais phinsin ardaithe go mór agus fós ag ardú.
- Iarradh cur i láthair ar Áis, le béim ar an díolachán nuair a bheadh deis ann chuige sin.

## 10. Buiséad 2026 Fhoras na Gaeilge

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Buiséad 2026 Fhoras na Gaeilge i láthair an Bhoird bunaithe ar an treoir a aontaíodh ag Cruinniú Boird mhí na Nollag, agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Cuireadh in iúl don Bhord, bunaithe ar an méadú de c€2m ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, go raibh €763,000 sa bhreis ar fáil le cur i dtreo scéimeanna, agus tionscadail éagsúla, i ndiaidh do na cúraimí dosheachanta pá, pinsin agus seirbhísí corparáideacha a bheith clúdaithe.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Rushe.

- Tarraingíodh aird ar an maoiniú breise do na nithe seo a leanas a bhí molta ag an bhFeidhmeannas:
    - Líonraí Gaeilge ó thuaidh.
    - Roinnt scéimeanna pobail nua.
    - Maoiniú breise do dheontaithe reatha Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.
    - Creidim Ionat.
    - Roinn tionscadail chomhpháirtíochta le comhlachtaí eile.
- Mheabhraígh an Príomhfheidhmeannach don Bhord go raibh cuid de na moltaí bunaithe ar an taighde a bhí déanta ag an Roinn Oideachais agus Óige a léiríonn go bhfuil deiseanna úsáidte agus deiseanna forbartha gréasáin shóisialta ar na rudaí is mó a bhfuil éileamh orthu agus ar na rudaí a bhfuil an gá is mó leo.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D. Mac Cárthaigh.

**11. Athbhreithniú ar Nós imeachta (2023) le haghaidh comhfhreagras don Bhord**

Rinneadh plé fada ar na socruithe reatha a bhí ann bunaithe ar an nós imeachta (2023) le haghaidh comhfhreagras don Bhord. Léigh an Cathaoirleach an nós imeachta a bhí ar Governance amach le deis a thabhairt do gach Comhalta tuiscint cheart a fháil ar na ceisteanna ábhartha. Chuir roinnt Comhaltaí in iúl nár aontaigh siad leis an nós imeachta ag an am ar aontaigh an Bord é in 2022, ná leis an leasú a rinneadh in 2023.

Aontaíodh go raibh ceisteanna cigilteacha ann ba chóir a chur san áireamh, mar shampla, litreacha a bhféadfadh impleachtaí dlí a bheith leo, litreacha a bheadh ag iarraidh tionchar a bheith acu ar an mBord maidir le maoiniú, agus ceist na cothromaíochta i gcás eagraíochtaí nó iarrthóirí nár thuig go bhféadfaí litir a chur faoi bhráid an Bhoird. Bhí éagsúlacht idir tuairimí Comhaltaí a bhí ag iarraidh gach comhfhreagras a fheiceáil agus Comhaltaí arbh fhearr leo gach comhfhreagras den chineál a fhágáil faoin bhFeidhmeannas.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág F. Nic Giolla Chatháin, I. Ó Dochartaigh agus O. Majekodunmi.

- Moladh treorú ar an gCoiste Iniúchta athbhreithniú a dhéanamh ar an Nós Imeachta.

I ndiaidh plé ar an gceist, iarradh ar an gCathaoirleach vóta a ghairm ar chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí a d'aontaigh an Bord cheana féin ar an Nós Imeachta. D'iarr an Cathaoirleach vóta foirmiúil agus glacadh leis an moladh mar thoradh ar an vóta sin.

**12. Comhfhreagras**

Luaigh an Cathaoirleach litir a bhí faighte ón Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann a chuir in iúl go raibh ordú um thosach feidhme tugtha anois do thuilleadh de na forálacha sa reachtaíocht a bhaineann leis an Acht Féiniúlachta agus Teanga.

**13. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**14. An chéad chruinniú eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 06 Márta 2025 i mBéal Feirste.

Regina Uí Chollatáin

______________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**29 Aibreán 2026**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2026**

| | 30/01/26 | 06/03/26 | 24/04/26 | 26/06/26 | 11/09/25 | 30/10/26 | 31/10/25 | 11/12/26 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | | | | | | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | | | | | | | |
| M. Mac Ailín | ✓ | | | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | | | | | | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | | | | | | | |
| M. Ní Ghabháin | x | | | | | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | | | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | | | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | | | | | | | |
| R. Nic Fealóin | ✓ | | | | | | | |
| E. Mac Cormaic | ✓ | | | | | | | |
| L. Rushe | ✓ | | | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | | | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | | | | | | | |
| O. Majekodunmi | ✓ | | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 225ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 06 Márta 2026 i Raidió Fáilte, 30 Sráid Dhubhaise, Béal Feirste, BT 12 4AL agus ar Zúm.**

**I láthair:** M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, M. Mac Ailín, E. Mac Cormaic, I. Ó Dochartaigh, G. Ní Chionnaith, R. Nic Fealóin agus O. Majekodunmi.

**Ar líne:** N. Ní Chiaráin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird).

**Leithscéalta:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Ghabháin, , L. Rushe, F. Nic Giolla Chatháin, D. Mac Cárthaigh agus L. Ní Riada.

De bharr go raibh leithscéal ann ón gCathaoirleach, ghlac an Leaschathaoirleach ról an Chathaoirligh don chruinniú seo.

1. **Fáilte**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ar an láthair agus ar líne.

2. **Gnó an Chathaoirligh**

   Ní raibh aon ghnó ag an gCathaoirleach.

3. **Miontuairiscí 30 Eanáir 2026**

   Rinneadh leasú ar athrá focal a bhí ann agus glacadh leis na miontuairiscí ó chruinniú an 30 Eanáir 2026.

4. **Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

   Aontaíodh gur 'treoraíodh' don Choiste Iniúchta athbhreithniú a dhéanamh ar an Nós Imeachta maidir le comhfhreagras agus dearbhaíodh go leasófaí an fhoclaíocht sna miontuairiscí leis seo a léiriú.

## 5. Baol Coimhlintí Leasa

Cláraíodh na baoil choimhlintí seo a leanas:

- R. Nic Fealóin leis na deontais bhreise i 'dTuairisc na hArdbhainistíochta' agus cáipéisí 'Scéim na bhFéilte Glaoch 1' agus 'Líonraí Gaeilge ó Thuaidh – Moladh' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- M. Mac Ailín leis na deontais bhreise i 'dTuairisc na hArdbhainistíochta' agus cáipéisí 'Scéim Tionscadal Cholmcille' agus 'Líonraí Gaeilge ó Thuaidh – Moladh' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- O. Majekodunmi leis na deontais bhreise i 'dTuairisc na hArdbhainistíochta'.

## 6. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha, an Clárbhainisteoir Pobal agus Gnó agus Comhordaitheoirí Pleanála Teanga Fhoras na Gaeilge i láthair ag ceardlann pleanála teanga i gCaisleán an Bharraigh. Míníodh gur seo an chéad uair a bhí na hOifigigh Pleanála Teanga uilig i gcruinniú le chéile faoi choimirce Fhoras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta, agus go bhfuarthas léargas ar na peirspictíochtaí difriúla atá ag oifigigh éagsúla pleanála teanga.
- Gur ceapadh Conall Ó Máirtín mar Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais nua Fhoras na Gaeilge.
- Tugadh aiseolas don Bhord ar sheisiún oiliúna a d'eagraigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha le haghaidh comhaltaí Boird - nach raibh an seisiún chomh praiticiúil sin, agus go mbeadh luach le seisiúin oiliúna do Chomhaltaí Boird dírithe ar an ndualgais rialachais agus straitéiseacha. Aontaíodh go n-iarrfaí ar Chomhaltaí aiseolas a thabhairt d'oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ar na riachtanais oiliúna ba thábhachtaí a bheadh acu agus go n-eagrófaí seisiúin oiliúna dóibh dá réir sin.
- Ardaíodh ceist i leith cáipéis a bhí uaslódáilte ar Governance maidir le déanmhas boird agallaimh le haghaidh ceapacháin fostaíochta. Cuireadh ceist maidir leis an bpróiseas a bhí ann don Bhord na leasuithe a bhí déanta ar an gcáipéis a cheadú, go háirithe an leasú maidir le déanmhas an bhoird agallaimh do cheapadh an Phríomhfheidhmeannaigh. Treoraíodh don Choiste Iniúchta an cháipéis athbhreithnithe agus na leasuithe a phlé agus teacht chuig an gcéad chruinniú Boird eile le moladh.
- Go bhfuil an chéad dréacht den tuairisc ar an stáidéar féidearthachta don ionad léirmhíniúcháin i mBéal Feirste faighte agus go mbeidh cruinniú ann go luath lena phlé. Míníodh go mbeidh tuairisc ar an gceist ag dul faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú eile.
- Míníodh go bhfuil maoiniú bliana (go dtí deireadh Nollag 2026) ag an tionscadal 'Scoil Spreagtha' anois ach go bhfuiltear ag iarraidh maoiniú 3 bliana a shocrú.

- Go raibh cruinniú an-dearfach ann le hOllscoil na Banríona maidir lena soláthar Gaeilge.
- Go raibh an Príomhfheidhmeannach i láthair ar chruinniú comhchéime le plé a dhéanamh ar thorthaí an taighde nuashonraithe ar staid na hearnála luathbhlianta lán-Ghaeilge ó thuaidh a rinne Altram a choimisiúnú le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge. Dúradh go bhfuil comhairliúchán ar siúl faoi láthair idir comhlachtaí éagsúla rialtais agus cleachtóirí sa réimse le léargas ar na riachtanais atá ann a thabhairt don Roinn Oideachais.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág R. Nic Fealóin, M. Mac Ailín agus O. Majekodunmi an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

Faomhadh na deontais bhreise seo a leanas do 2026:

| **Ceanneagraíochtaí 2026** | | |
|---|---|---|
| **Uimhir Thagartha** | **Ainm Deontaí** | **Údaraithe sa bhreis do 2026 (15% ar an méid údaraithe i 2025)** |
| 2501014A | Gaeloideachas (Ceann 2026) | €110,784 |
| 2501019A | Gael Linn (Ceann 2026) | €101,277 |
| 2501018A | Glór na nGael (Ceann 2026) | €168,542 |
| 2501017A | Oireachtas na Ga (Ceann 2026) | €97,139 |
| 2501020A | Conradh na Ga (Ceann 2026) | €130,119 |
| **Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2026** | | |
| **Uimhir Thagartha** | **Ainm Deontaí** | **Údaraithe sa bhreis do 2026** |
| 2101065B | Muintir Chrónáin | €7,500.00 |
| 2101029B | Líonra Leitir Ceanainn | €7,500.00 |
| 2101030B | Gael-fhorbairt na Gaillimhe | €7,500.00 |
| 2101028B | An Clár as Gaeilge | €7,500.00 |
| 2101064B | Gaeilge Locha Riach | €7,500.00 |
| 2101046B | Togra Mhaigh Eo | €7,500.00 |
| 2101050B | Glór Cheatharlach | €7,500.00 |
| 2101047B | An Cumann Gaelach Muineachán | €7,500.00 |
| 2101058B | Cill Dara le Gaeilge | €7,500.00 |
| 2101052B | Cumann Gaelach na hEaglaise | €7,500.00 |
| 2101023B | Comhluadar Luimnigh | €7,500.00 |
| 2101040B | Gaelphobal Thamhlachta | €7,500.00 |
| 2101066B | Ionad Uíbh Eachach | €6,300.00 |
| 2101067B | Coiste Forbartha Charn Tóchair | €6,300.00 |
| 2101031B | Glór na Móna | €6,300.00 |
| 2101073B | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | €6,300.00 |
| 2101048B | Gaelphobal Ard Mhacha Theas | €6,300.00 |
| 2101051B | Gael na nGlinntí | €6,300.00 |

| | | |
|---|---|---|
| 2101041B | Glór na Speiríní | €6,300.00 |
| 2101074B | Ionad na Fuiseoige | €6,300.00 |
| 2101063B | CNG Bhoirche Íochtair | €6,300.00 |
| 2101059B | Pobal Ar A'n Iúl | €6,300.00 |
| 2101070B | Cumann Gaelach Leath Chathail | €6,300.00 |
| 2101042B | Glór Uachtar Tíre | €6,300.00 |
| 2101049B | An Droichead | €6,300.00 |
| 2101075B | Croí Éanna | €6,300.00 |
| 2101062B | Cairde Uí Néill | €6,300.00 |
| 2301001B | Aonach Mhacha | €6,300.00 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill R. Nic Fealóin, M. Mac Ailín agus O. Majekodunmi ar an gcruinniú.**

7. **Tuairiscí ó choistí an Bhoird**

**(a) An Coiste Osradhairc**

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 24 Feabhra 2026.

**(b) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 19 Feabhra 2026.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág R. Nic Fealóin, agus M. Mac Ailín an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

**(i) Scéim na bhFéilte Glaoch 1**

Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim na bhFéilte Glaoch 1:

| **Deontais** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Thagartha** | **Eagraíocht** | **Ainm an Fhéile** | **Méid** |
| **2601002.05** | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | Sean-Nós na Fearsaide | £3,150 |
| **2601002.09** | Coiste Forbartha Charn Tóchair | Feis Charn Tóchair | £2,365 |
| **2601002.19** | Croí Éanna / Féile Chlann Ghormlaithe | Féile Chlann Ghormlaithe | £2,365 |
| **2601002.32** | Glór na Móna | Féile na Carraige 2026 | £2,365 |
| **2601002.23** | Galway Theatre Festival CLG | Galway Theatre Festival | €2,750 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2601002.34** | Gaelphobal Ard Mhacha Theas | Blas Ard Mhacha Theas | £2,200 |
| **2601002.30** | Líonra Leitir Ceanainn | An Focal Beo | €2,571 |
| **2601002.31** | Cultúrlann Uí Chanáin | Seachtain na Gaeilge | £2,145 |
| **2601002.38** | Cill Dara le Gaeilge | Féile Teaghlaigh Chill Dara | €1,250 |
| **2601002.11** | Glór Ceatharlach | Féile Scoildrámaíochta Cheatharlach 2026 | €1,017 |

**(ii) Líonraí Gaeilge ó Thuaidh – Moladh**

Faomhadh na méideanna seo a leanas do na Líonraí Gaeilge ó Thuaidh:

| Uimhir Thagartha | Iarratasóir | Deontas |
|---|---|---|
| 2601017 | Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste) | **£302,720** |
| 2601016 | Coiste Forbartha Charn Tóchair (Carn Tóchair) | **£280,080** |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill R. Nic Fealóin, agus M. Mac Ailín ar an gcruinniú.**

**(iii) Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon**

Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon:

| Uimhir Thagartha | Iarratasóir | Deontas |
|---|---|---|
| 2601001.04 | Cumann Chultúrtha Mhic Reachtain - Scoil Samhraidh Mhic Reachtain. | £12,000 |
| 2601001.11 | Rua Media | £8,000 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág M. Mac Ailín an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.**

**(iv) Scéim Tionscadal Cholmcille**

Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim Tionscadal Cholmcille:

| Uimhir Thagartha | Ainm na hEagraíochta | Dáta Tosaigh | Dáta Deiridh | Méid £ |
|---|---|---|---|---|
| CC25004.14 | Gaeil Ruairí Óg agus Gaeil na nGlinntí | 20/04/2026 | 28/06/2026 | £4,000 (€4762) |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill M. Mac Ailín ar an gcruinniú.**

**(c) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 25 Feabhra 2026.

**(i) Dréacht-litir chuig na Ceanneagraíochtaí**

I ndiaidh plé fada ar an gceist, aontaíodh roinnt leasuithe ar an litir, agus go raibh an Bord sásta go seolfaí an litir chuig na Ceanneagraíochtaí ag tabhairt cuireadh dóibh teacht i láthair an Bhoird ag cruinnithe Boird mhí Aibreáin agus mhí an Mheithimh.

Aontaíodh go gcuirfí réamheolas maidir le stádas airgeadais na 6 Cheanneagraíocht ar fáil don Choiste Forbartha agus achoimrí ar fheidhmíocht bunaithe ar thuairiscí deiridh na dtréimhsí deontais do Choiste na nDeontas. Aontaíodh go mbeadh an t-eolas sin ar fáil ag Comhaltaí uile an Bhoird ar Governance.

Aontaíodh ar sheisiúin phlé uair a chloig, i bhfoirm ceisteanna agus freagraí. Tá na réimsí a mbeidh eolas le plé orthu lena gcur san áireamh sa litir chuiridh chuig na Ceanneagraíochtaí.

**(d) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 23 Feabhra 2026.

Tugadh suntas don Ráiteas ar Rialachán Inmheánach le haghaidh Dréacht-Chuntais 2025.

**(e) An Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 02 Márta 2026.

**8. Ráiteas Caiteachais go 31 Eanáir 2026**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Eanáir 2026 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an Caiteachas ar sprioc.
- Go bhfuiltear fós ag obair ar shocrú idir an dá Roinn urraíochta maidir le costais ardaithe pinsin.
- Ardaíodh ceist maidir le híocaíocht do Ghlór na nGael, agus socraíodh go mbeadh na mionsonraí ina leith le cur chuig Comhaltaí i ndiaidh an chruinnithe.

**(i) Ceangaltais 2025**

Go bhfuil an buiséad an-seasmhach faoi láthair ach go mbeidh sé níos éasca rudaí a athshocrú más gá an bhliain seo chugainn.

**(ii) Díscríobh 2025**

Go bhfuil luach an díscríofa níos lú ná mar a bhí blianta roimhe seo.

Ardaíodh ceist maidir le maoiniú a rinneadh a dhíscríobh don Pobal 15.

- Faomhadh an Ráiteas Caiteachais go 31 Eanáir 2026, faomhadh an ceangaltais agus an díscríobh.

**9. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**10. Aon ghnó eile**

Tugadh ardmholadh do An Cumann Gaelach, Muineachán as bunú an ionaid Ghaeilge úr - An Nead ar bhaile Mhuineacháin.

**11. An chéad chruinniú eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 24 Aibreán i mBaile Átha Cliath, agus gur cruinniú níos faide ná a bhíonn de ghnáth a bheadh ann de bharr na bplésheisiún leis na Ceanneagraíochtaí.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach | 03 Iúil 2026

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2026**

| | 30/01/26 | 06/03/26 | 24/04/26 | 26/06/26 | 11/09/25 | 30/10/26 | 31/10/25 | 11/12/26 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | x | | | | | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | | | | | | |
| M. Mac Ailín | ✓ | ✓ | | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | x | | | | | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | x | | | | | | |
| M. Ní Ghabháin | x | x | | | | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | | | | | | |
| R. Nic Fealóin | ✓ | ✓ | | | | | | |
| E. Mac Cormaic | ✓ | ✓ | | | | | | |
| L. Rushe | ✓ | x | | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | *Éirithe as an mBord* | | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | | | | | | |
| O. Majekodunmi | ✓ | ✓ | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 226ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 24 Aibreán 2026 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 H275 agus ar Zúm.**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, G. Ní Chionnaith, E. Mac Cormaic, R. Nic Fealóin, M. Mac Ailín, N. Ní Chiaráin agus F. Nic Giolla Chatháin. |
| **Ar líne:** | M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach) agus L. Ní Riada. |
| **Ag freastal:** | S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird). |
| **Leithscéalta** | O. Majekodunmi, L. Rushe agus M. Ní Ghabháin. |

*Bhí seisiún gan feidhmeannas ann roimh an gcruinniú.*

**Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine ar an láthair agus ar líne.

**Gnó an Chathaoirligh**

**Luaigh an Cathaoirleach na rudaí seo a leanas:**

- Go mbeidh cuireadh á thabhairt do Katy Radford (Stiúrthóir - An Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúrtha) chuig an gcruinniú Boird i mBaile Átha Cliath ar an 11 Meán Fómhair 2026.
- Go bhfuil D. Mac Cárthaigh i ndiaidh éirí as a ról ar Bhord Fhoras na Gaeilge. Tugadh aitheantas don obair a bhí déanta aige agus é ina Chomhalta Boird, as na réimsí saineolais a bhí aige a chuidigh go mór le hobair na heagraíochta, agus guíodh gach dea-mhéin air.
- Go mbeidh ceistneoir maidir le hoiliúint á chur chuig an mBord le tuiscint a fháil ar an oiliúint atá an Bord a iarraidh.
- Rinne an Cathaoirleach tagairt do thuras a bheadh sí a dhéanamh thar ceann Fhoras na Gaeilge le labhairt ag comhdháil mionteangacha san Ísiltír.
- Go mbeidh Comhdháil ag ceiliúradh 100 bliain de 'An Gúm' ar siúl ar an 7 Bealtaine 2026.

**Miontuairiscí 06 Márta 2026**

Rinneadh dhá leasú beag ar fhoclaíocht agus glacadh leis na miontuairiscí ón 06 Márta 2026.

**Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Míníodh nach bhfuil cinneadh déanta go fóill maidir leis an tionscadal Scoil Spreagtha. Dúradh go bhfuil socrú i bhfeidhm faoi láthair go ndéanfaidh an Roinn Oideachais ó thuaidh é a mhaoiniú le hairgead ó chiste an Oileáin Chomhroinnte.
- Go mbeidh tuairisc ar an lárionad léirmhíniúcháin i mBéal Feirste ag dul faoi bhráid Choiste Forbartha le bheith faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú Boird eile.
- Rinne an SSC soiléiriú maidir le ceist faoi mhaoiniú Ghlór na nGael sa ráiteas caiteachais a ardaíodh ag Cruinniú Boird 06 Márta.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig N. Ní Chiaráin isteach.***

**Baol coimhlintí leasa**

Cláraíodh na baoil coimhlintí leasa seo a leanas:

- R. Nic Fealóin le cáipéisí 'Scéim na gCampaí Samhraidh' faoin mír 'Coiste na nDeontas'.
- G. Ní Chionnaith leis na 'Gradaim Foilsitheoireachta' faoin mír 'Coiste na nDeontas'.
- An Feidhmeannas le plé ar dhéanmhas Bord Agallaimh faoin mír 'An Coiste Iniúchta'.

**Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an chuma ar an scéal go mbeidh an chéad chruinniú eile den CATT ag tarlú i mí Meithimh 2026 anois.
- Go raibh cruinniú ann le Roinn na Gaeltachta a léirigh go bhfuil sé i gceist acu poist chonartha na gcomhordaitheoirí pleanáil teanga i bhForas na Gaeilge a dhéanamh buan ag brath ar fhaomhadh ón gCATT. Míníodh go mbeadh an buiséad do na poist seo le bogadh isteach i gcroíbhuiséad Fhoras na Gaeilge de bharr an chinnidh seo.
- Go raibh cruinniú ann leis an gCeannasaí Teanga agus Cultúir sa Roinn Pobal a chuir in iúl go bhfuil sé ag iarraidh roinnt scéimeanna atá an Roinn Pobal a mhaoiniú agus a reáchtáil a chur faoi chúram Fhoras na Gaeilge go luath. Míníodh go bhfuil aistriú mhaoiniú Scéim Cholmcille go buiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge beagnach socraithe, ach nach mbeidh na scéimeanna eile á mbogadh go dtí go mbeidh cur chuige soiléir aontaithe agus anailís déanta.
- Fiosraíodh an bhfuil aon chinntí eile ag brath ar an chruinniú den CATT. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh folúntas amháin ar an mBord le líonadh agus go mbeidh 2 fholúntas eile ag teacht níos déanaí sa bhliain. Luadh go mbeifear ag iarraidh poist chonartha na gComhordaitheoirí Pleanála Teanga agus foclóireachta a

bheith ceadaithe mar chroí-phoist bhuana. Dúradh go bhfuil athruithe ar an bPlean Gnó le faomhadh fosta.

- Go raibh cruinniú ann le Comhaltas Ceoltóirí Éireann a léirigh go bhfuil an-obair ar siúl acu i dtaca leis an nGaeilge de.
- Tugadh suntas don litir dhearbhaithe ó Choiscéim maidir le rialachais an chomhlachta, agus gabhadh buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta faoina tacaíocht do Choiscéim leis na hathruithe rialachais a shocrú.

**Tuairiscí ó Choistí an Bhoird**

**(a) An Coiste Osradhairc**

- Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 14 Aibreán 2026.
- Rinne sí tagairt don suirbhé foirne ar shástacht na foirne agus do na torthaí dearfacha a bhí i ndiaidh teacht as an suirbhé.
- Luadh go raibh tástáil dhearfach ann don chóras comhtháite iarratas.
- Go bhfuiltear ag iarraidh na torthaí ón Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta a mheas leis na moltaí cuí a dhéanamh – go bhfuil torthaí Chéim 1 & 2 feicthe ag an mBord agus go mbeadh na codanna deireanacha ag teacht chuig an mBord i mí an Mheithimh.
- Dearbhaíodh go mbíonn cruinnithe ann leis na ceardchumainn ar a laghad 2/3 uair sa bhliain.
- Tugadh moladh don fheidhmeannas as caighdeán na gcáipéisí a bhaineann le feidhmíocht na foirne Ard-Bhainistíochta, a chuirtear faoi bhráid an Choiste.

**(b) An Coiste Forbartha**

- De bharr nach raibh Cathaoirleach ná Leaschathaoirleach an Choiste i láthair an chruinnithe, thug duine eile de na baill uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 15 Aibreán 2026.

**(i) Leasú ar Fheidhmeanna Chumann na bhFiann – Moladh**

- Pléadh na leasuithe ar Fheidhmeanna Chumann na bhFiann mar Cheanneagraíocht. Luadh na rudaí seo a leanas:
    - Iarradh go ndéanfaí taifead sna miontuairiscí go mbeadh moladh i dtaca le socruithe ó thuaidh de ag teacht faoi bhráid an Bhoird i mí an Mheithimh. Luadh go bhfuil airgead ar leataobh i mbuiséad Fhoras na Gaeilge le plé leis an gceist sin.
    - Iarradh go gcinnteofaí go bhfuil na heagraíochtaí atá luaite sna pleananna ar an eolas go mbeidh a gcomhpháirtíocht de dhíth leis na pleananna a chur i gcrích.
    - Faomhadh na leasuithe ar Fheidhmeanna Chumann na bhFiann.

**(ii) Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta 2026 – Nóta eolais**

Tugadh suntas don nóta eolais ar an gcoigeartú atá déanta ar na treoirlínte do Scéim na gCompántas Drámaíochta i ndiaidh do na cúraimí i dtaca leis an drámaíocht amaitéarach de a bheith leagtha ar Oireachtas na Gaeilge.

**(iii) Dáta faoi leith do Cheanneagraíochtaí**

Aontaíodh go seolfaí cuireadh chuig trí Cheanneagraíocht teacht chuig cruinniú faoi leith den Bhord ar an 10 Meitheamh le haghaidh seisiún plé.

**(c) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 9 Aibreán 2026.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág G. Ní Chionnaith de bharr baol coimhlint leasa.***

**(i) Na Gradaim Foilsitheoireachta 2026**

Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi 'Na Gradaim Foilsitheoireachta 2026':

- Deontas imfhálaithe de €32,000 d'Oireachtas na Gaeilge chun na Gradaim Foilsitheoireachta a eagrú thar ceann Fhoras na Gaeilge don bhliain 2026.
- Buiséad de €18,000 don áisíneacht margaíochta atá ceaptha ag Foras na Gaeilge, Lorg Media, leis na gradaim a phoibliú go forleathan.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill G. Ní Chionnaith agus d'fhág R. Nic Fealóin de bharr baol coimhlint leasa.***

**(ii) Scéim na gCampaí Samhraidh**

Míníodh nach raibh córam ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas don mhír seo nuair a d'fhág O. Majekodunmi de bharr baol coimhlint leasa agus go ndearnadh an moladh a fhaomhadh trí ríomhphost chuig baill an choiste i ndiaidh an chruinnithe.

- Iarradh ar an bhFeidhmeannas na háiteanna a bhfuil na campaí lonnaithe a lua ar cháipéisí as seo amach.
- Rinneadh tagairt do mhéid na ndeontas ó thuaidh agus ó dheas agus fiosraíodh an bhféadfaí an cur chuige a athbhreithniú le hamharc ar mhúnlaí eile bunaithe ar fhíorchostais seachas an ráta malairte.
- Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim na gCampaí Samhraidh:

| Uimhir Thagartha | Eagraíocht | € Molta | £STG Molta |
|---|---|---|---|
| 2601019.02 | An Cumann Gaelach Muineacháin | €2,500.00 | |
| 2601019.03 | An Droichead | | £2,000.00 |
| 2601019.04 | An Gaeláras | | £2,000.00 |
| 2601019.05 | Aonach Mhacha | | £2,000.00 |
| 2601019.14 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £2,000.00 |
| 2601019.15 | Cill Dara le Gaeilge | €2,500.00 | |
| 2601019.29 | Coiste Forbartha Charn Tóchair | | £2,000.00 |
| 2601019.31 | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | | £2,000.00 |
| 2601019.33 | Cumann Gaelach Leath Chathail | | £2,000.00 |
| 2601019.41 | Gaeilge Locha Riach | | |
| 2601019.52 | Glór Dhún Geimhin | | £2,000.00 |
| 2601019.55 | Glór na Móna | | £2,000.00 |
| 2601019.56 | Glór na Spéiríní | | £2,000.00 |
| 2601019.57 | Glór Uachtar Tíre | | £2,000.00 |
| 2601019.60 | Ionad Uíbh Eachach | | £2,000.00 |
| 2601019.64 | Líonra Leitir Ceanainn | €2,500.00 | |
| 2601019.76 | Pobal ar a'n Iúl | | £2,000.00 |
| 2601019.85 | Togra Mhaigh Eo | €1,585.00 | |

- Tugadh réamhchead maoiniú a thabhairt d'iarratas Chairde Uí Néill sa chás go dtagann maoiniú breise don scéim tríd an athdháileadh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2601019.08 | Cairde Uí Néill | | £2,000.00 |

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill R. Nic Fealóin.***

**(d) Coiste Iniúchta**

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach an Choiste ann, thug duine de na baill uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 30 Márta 2026.

**(i) Clár Rioscaí Márta 2026.**

Faomhadh Clár Rioscaí Márta 2026.

**(ii) An cur chuige maidir le comhfhreagras a n-iarrann a údar a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird.**

Faomhadh an cur chuige nua maidir le comhfhreagras a n-iarrann a údar a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág an Feidhmeannas de bharr baol coimhlint leasa.***

**(iii) Déanmhas Bhord Agallaimh**

Níor faomhadh Déanmhas Bord Agallaimh agus beidh moladh eile ag dul faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus ansin faoi bhráid an chéad chruinnithe eile den Bhord.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill an Feidhmeannas.***

**Ráiteas Caiteachais go 31 Márta 2026**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 31 Márta 2026 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil caiteachas ar sprioc.
- Go bhfuil deimhniú faighte ón Roinn ó dheas go mbeidh tacaíochtaí breise tuarastail ann.
- Go bhfuiltear ag tabhairt faoi ullmhú d'aighneacht Fhoras na Gaeilge do mheastacháin cháinaisnéise 2027.
- Faomhadh an ráiteas caiteachais go 31 Márta 2026.

**Ráiteas ar Rialúchán Airgeadais**

Faomhadh an ráiteas ar rialúchán airgeadais.

**Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**Aon ghnó eile**

- Luadh go mbeidh seisiún oiliúna d'éilimh ar chostais do chomhaltaí Boird á eagrú ag foireann acmhainní daonna Fhoras na Gaeilge.

- D'fhaomh an Bord conradh le bunchostas os cionn €6,000 (ach níos lú ná €9,000) leis an gcomhlacht Exchequer ar an gcoinníoll go mbeidh nóta eolais ann ag an gcéad chruinniú Boird eile.

**An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 26 Meitheamh i mBéal Feirste.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
03 Iúil 2026

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2026**

| | 30/01/26 | 06/03/26 | 24/04/26 | 26/06/26 | 11/09/25 | 30/10/26 | 31/10/25 | 11/12/26 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | x | ✓ | | | | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| M. Mac Ailín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | x | ✓ | | | | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | x | ✓ | | | | | |
| M. Ní Ghabháin | x | x | x | | | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| R. Nic Fealóin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| E. Mac Cormaic | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| L. Rushe | ✓ | x | x | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| O. Majekodunmi | ✓ | ✓ | x | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | *Éirithe as an mBord* | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 227ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 26 Meitheamh 2026 in Oifigí Fhoras na Gaeilge, 1ú Urlár, Foirgnimh an Chleandair, (Callender Buildings), 6/6a Sráid an Chleandair, Béal Feirste, BT1 5HX agus ar Zúm.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Chonghaile (Leaschathaoirleach), O. Majekodunmi, R. Nic Fealóin, M. Mac Ailín.

**Ar líne:** L. Ní Riada, L. Rushe, N. Ní Chiaráin agus F. Nic Giolla Chatháin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), C. Ó Máirtín (Leas-Phríomhfheidhmeannach/ Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta) agus S. Keating (Rúnaí an Bhoird).

**Leithscéalta** K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, G. Ní Chionnaith, E. Mac Cormaic agus M. Ní Ghabháin.

***Bhí seisiún gan feidhmeannas ann roimh an gcruinniú.***

**Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ar an láthair agus ar líne. Cuireadh fáilte ar leith roimh C. Ó Máirtín ag a chéad chruinniú mar Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais Fhoras na Gaeilge.

**Gnó an Chathaoirligh**

Luaigh an Cathaoirleach na rudaí seo a leanas:

- Go mbeidh plésheisiún le Cumann na bhFiann agus Gael Linn ar siúl ar an 10 Iúil.
- Go mbeidh cruinniú den Fhoras Teanga ar siúl ar líne ar an 24 Iúil.
- Go bhfuil na moltaí ón mBord maidir le hoiliúint faighte agus go mbeifear ag obair ar chúrsaí a shocrú go luath.

**Miontuairiscí 24 Aibreán 2026**

Glacadh leis na miontuairiscí ón 24 Aibreán 2026.

**Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Gur cheadaigh an CATT aistriú bhuiséad Cholmcille isteach i gcroíbhuiséad Fhoras na Gaeilge.
- Go bhfuil líon na bpost atá ceadaithe d'Fhoras na Gaeilge ardaithe ó 60 go 72 agus go bhfuil na poist chonartha i rannóga pleanála teanga agus foclóireachta buan anois dá réir.
- Go bhfuil folúntas amháin fós ar an mBord agus go mbeidh dhá cheann eile ann faoi dheireadh na bliana, nuair a thiocfaidh deireadh le tréimhsí M. Ní Chonghaile agus I. Uí Dhochartaigh.
- Go bhfuil aighneacht bhuiséid curtha isteach do cháinaisnéis 2027.
- Go mbeidh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta ag tabhairt cuairt ar Cheannáras Fhoras na Gaeilge ar an 08 Iúil.

**Baol Coimhlint Leasa**

Bhí na baoil choimhlintí seo a leanas ann:

- R. Nic Fealóin le cáipéisí 'Scéim na nImeachtaí Óige' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- O. Majekodunmi le cáipéisí 'Scéim na nImeachtaí Óige' agus cáipéisí 'Moltaí Chlár na Leabhar Gaeilge' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- M. Mac Ailín le cáipéisí "Scéim na bhFéilte" agus 'Scéim na nImeachtaí Óige' faoi mhír Choiste na nDeontas.
- L. Ní Riada le cáipéisí 'Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2027' faoi mhír Choiste na nDeontas.

**Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Bhuaigh seoladh foclóir nua Fhoras na Gaeilge a tharla i 2025 duais PRCA do dhea-chaighdeán sa réimse poiblíochta.
- D'eagraigh Foras na Gaeilge, i gcomhpháirt le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, comhdháil lae ag ceiliúradh 100 bliain ó bunaíodh an Gúm. Mar chuid den cheiliúradh foilsíodh eagrán comórtha de 'Comhar'.
- Táthar ag obair ar chás gnó le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige don obair a bheidh le déanamh ar 'Séideán Sí'; áis foghlama do dhaltaí bunscoile.
- Ceadaíodh bronnadh an chonartha atá ag Áis leis an soláthar bogearra 'Exchequer'; conradh le soláthraí aonair gan chomórtas.

Cuireadh an cruinniú ar athló ag an bpointe seo agus bhí plésheisiún ann le toscairí ó na Ceanneagraíochtaí seo a leanas ina gceann agus ina gceann:

- Oireachtas na Gaeilge;
- Glór na nGael
- Gaeloideachas

Atosaíodh an cruinniú Boird i ndiaidh na bplésheisiún.

**Cúrsaí Oideachais ó dheas**

Osclaíodh an cruinniú don Bhord plé a dhéanamh maidir le cúrsaí oideachais ó dheas i bhfianaise ráiteas an Aire Oideachais & Óige maidir le gan plean a bheith ag an Roinn Oideachais agus Óige Gaelscoil úr ar bith a bhunú go 2030, agus go mbeidh a gcinntí á ndeanamh acu bunaithe ar fhianaise a bhaineann le fás agus meath daonra amháin, seachas critéar ar bith a bhaineann le héileamh ar an nGaeloideachas ná dualgais faoin reachtaíocht. Rinneadh plé ar ghéarchéim na ndíolúintí, ar an líon ard daltaí a bhfuil díolúine á bronnadh orthu agus an ráta fáis – go bhféadadh díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge a bheith ag os cionn 20% de dhaonra na scoileanna faoi 2030.

I ndiaidh plé fada ar an gceist, aontaíodh go seolfaidh an Cathaoirleach litir chuig an Aire Oideachais ag léiriú bhuairt an Bhoird i leith na ceiste, agus ag lorg cruinniú idir an tAire Oideachais, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge agus Ardbhainistíocht Fhoras na Gaeilge leis an gceist a phlé.

**Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**(a) Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 16 Meitheamh 2026.

- Rinneadh tagairt don suirbhé a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge a léirigh go mbeadh os cionn 20% de dhaltaí scoile an stáit nach mbeadh ag foghlaim Gaeilge ar scoil faoi 2030.

**(b) Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 17 Meitheamh 2026.

1. Scéim na Foilsitheoireachta:

   Faomhadh na rudaí seo a leanas faoi Scéim na Foilsitheoireachta:

   (i) 2 Chéim (Céim 1 agus Céim 2) seachas na 3 chéim a bhí ann go dtí seo. Beidh go fóill deis ag foilsitheoirí nua cur isteach ar an scéim faoi Chéim 2.

   (ii) Méid an mhaoinithe is féidir le foilsitheoirí a lorg a mhéadú go dtí uasmhéid de €200,000 in aghaidh na bliana do Chéim 1 agus uasmhéid de €100,000 in aghaidh na bliana do Chéim 2.

2. Cuireadh in iúl don Bhord gur iarr an Coiste ar an bhFeidhmeannas tuilleadh oibre a dhéanamh ar an gcur chuige molta a bhaineann le deiseanna úsáidte Gaeilge do dhaoine óga ó thuaidh le cinntiú go ndéanfadh na moltaí a bhí déanta riar iomlán ar na riachtanais ó thuaidh.

3. 2 scéim úra dírithe ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht in earnáil na Gaeilge agus ar fhorbairt gréasáin teanga sa phobal:

    (i) Faomhadh 2 scéim úra dírithe ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht in earnáil na Gaeilge agus ar fhorbairt gréasáin teanga sa phobal:

    - €90,000 do Scéim ar Chaithimh Aimsire trí Ghaeilge (Teideal Oibre).
    - €50,000 do Scéim do Spriocphobail Úra (Teideal Oibre).

    (ii) Bhí plé ar an staidéar féidearthachta agus ar an gcáipéis achomair le haghaidh Ionad Léirmhínithe Gaeilge i mBéal Feirste. Míníodh don Bhord go mbeadh deis ann ag an gcruinniú réamhthuairimí a chlárú agus ceisteanna soiléirithe a chlárú, agus go mbeadh cinneadh maidir leis an gcéad chéim eile le déanamh ag Cruinniú Boird 11 Meán Fómhair.

    Chuir na comhaltaí uilig a bhí i láthair in iúl go raibh siad i bhfabhar an choincheapa i bprionsabal gur moladh cróga a bhí ann agus go raibh dualgas ar Fhoras na Gaeilge a leithéid a dhéanamh.

    Dúradh go mbeidh moladh ag dul faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú Boird eile.

**(c) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 17 Meitheamh 2026.

D'fhág M. Mac Ailín an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa.

1. Scéim na bhFéilte Glaoch 2

   Faomhadh na méideanna seo a leanas faoi Scéim na bhFéilte Glaoch 2:

| Deontais molta | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir Thagartha | Eagraíocht | Ainm an Fhéile | Méid molta |
| 2601020.50 | Ionad Uibh Eachach | Léargas agus Fómhar na Folláine | £2,435 |
| 2601020.27 | Turas – Misean Oirthear Bhéal Feirste | Féile Shomhairle Uí Bhriosáin | £2,435 |
| 2601020.48 | Glór Dhún Geimhin | Féile Abhainn na Ró | £2,365 |
| 2601020.01 | An Clár as Gaeilge | Féile Samhain Púca | €1,420 |
| 2601020.02 | Gael Forbairt na Gaillimhe | Féile Sean-nós agus nósanna nua na Gaillimhe | €2,320 |
| 2601020.17 | Gaeilge Locha Riach | Féile Raiftéirí | €2,320 |
| 2601020.29 | Muintir Chrónáin | Féile Seó Beo 226 | €1,645 |
| 2601020.31 | Rua Media | GrianTrad | £1,690 |

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhág R. Nic Fealóin, agus O. Majekodunmi de bharr baol coimhlintí leasa.***

2. Scéim na nImeachtaí Óige

Faomhadh na rudaí seo a leanas faoi Scéim na nImeachtaí Óige:

| Uimh. Thag | Eagraíocht | € Molta | $STG Molta | Baile | Contae |
|---|---|---|---|---|---|
| 2601022.01 | Líonra Leitir Ceanainn | €5,000 | | Leitir Ceanainn | Dún na nGall |
| 2601022.03 | Laochra Loch Lao | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.04 | Young at Art | | £3,980 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.06 | Glór na Speiríní | | £4,000 | Baile na Scríne | Doire |
| 2601022.07 | Scoil na Fuiseoige | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.08 | An Clár as Gaeilge | €5,000 | | Inis | An Clár |
| 2601022.10 | Comhaltas Craobh Thrá Lí | | | | |
| 2601022.11 | Cois Laoi Productions | €4,000 | | Corcaigh | Corcaigh |
| 2601022.12 | Ballymore school | €4,500 | | Dún Fionnachaidh | Dún na nGall |
| 2601022.13 | Glór Mhachaire Fíolta | | £4,000 | Machaire Fíolta | Doire |
| 2601022.14 | Club Óige Setanta | | £4,000 | Doire | Doire |
| 2601022.15 | Naíscoil Charn Tóchair | | £4,000 | Carn Tóchair | Doire |
| 2601022.16 | Club Óige Feachtas Tamhlachta | €4,950 | | Tamhlacht | Baile Átha Cliath |
| 2601022.17 | Club Óige Feachtas Baile Brigín | €3,936 | | Baile Brigín | Baile Átha Cliath |
| 2601022.19 | Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.20 | Club Óige Feachtas Baile Lotrail | €3,936 | | Baile Lotrail | Baile Átha Cliath |
| 2601022.21 | Smidiríní Theathre Company | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.22 | Club Óige Feachtas Baile Munna | €4,840 | | Baile Munna | Baile Átha Cliath |
| 2601022.23 | Foróige Christchurch | €3,500 | | Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath |
| 2601022.24 | Aonach Mhacha | | £4,000 | Ard Mhacha | Ard Mhacha |
| 2601022.25 | Glór na Móna | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.26 | CCÉ Dhún Lathaí | | £4,000 | Dún Lúiche | Dún na nGall |
| 2601022.27 | Cumann Óige na bhFál | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.28 | Glór na Maoile | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.29 | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.30 | Gaeil Ruairí Óg & Gaeil na nGlinntí | | £4,000 | Bun Abhann Dalla | Aontroim |
| 2601022.32 | Naíscoil Mhachaire Rátha | | £4,000 | Machaire Rátha | Doire |
| 2601022.35 | Coláiste an Déin Mhig Oirc | | £4,000 | An Charraig Mhór | Tír Eoghain |
| 2601022.41 | Cultúrlann Uí Chanáin (An Gaeláras) | | £4,000 | Doire | Doire |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2601022.42 | Gaelphobal Ard Mhacha Theas | | £4,000 | An Mullach Bán | Ard Mhacha |
| 2601022.44 | Naíscoil na gCrann | | £4,000 | An Ómaigh | Tír Eoghain |
| 2601022.45 | Obair Newmarket on Fergus CLG | €5,000 | | Cora Chaitlín | An Clár |
| 2601022.48 | CLG Na Fianna | €1,775 | | Glas Naíon | Baile Átha Cliath |
| 2601022.49 | Cumann Óige Uí Dhocharthaigh | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.50 | Fóram na nÓg | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.51 | Cumann na nEalaíona | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.54 | Craobh BÁC 7 Chonradh na Gaeilge | €5,000 | | Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath |
| 2601022.55 | Grá na nÓg 1 | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.56 | Glór Dhún Geimhin | | £4,000 | Dún Geimhin | Doire |
| 2601022.57 | Muineachán le Gaeilge | €5,000 | | Muineachán | Muineachán |
| 2601022.58 | Ionad Uíbh Eachach | | £3,500 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.62 | Cairde Naomh Bríd | | £4,000 | Machaire Rátha | Doire |
| 2601022.63 | Club Óige Chathair Dónall | €3,293 | | Cathair Dónall | Ciarraí |
| 2601022.64 | Glór Uachtar Tíre | | £4,000 | Caisleán Uidhilín | An Dún |
| 2601022.66 | Comhluadar Luimnigh | €5,000 | | Luimneach | Luimneach |
| 2601022.67 | CnaG Bhoirche Íochtar | | £4,000 | Áth na Long | An Dún |
| 2601022.68 | Coláiste an Eachréidh | €4,330 | | An Eachréidh | Gaillimh |
| 2601022.69 | Coiste Forbartha Charn Tóchair | | £4,000 | Carn Tóchar | Doire |
| 2601022.70 | Club Óige an Dúin | | £4,000 | Áth na Long | An Dún |
| 2601022.73 | Buíon Cheoil Mhín na Croise | €2,500 | | Mín na Croise | Dún na nGall |
| 2601022.76 | Ógras na hÓmaí | | £4,000 | An Ómaigh | Tír Eoghain |
| 2601023.01 | Ógras – An Bhánóg Baile an Chollaigh | €5,000 | | Baile an Chollaigh | Corcaigh |
| 2601023.02 | Ógras – Baile Bhuinneánaigh – Baile Uí Thaidhg | €5,000 | | Baile Uí Thaidhg | Ciarraí |
| 2601023.03 | Ógras – Baile an Mhuilinn Trá Lí – Club na Coille | €5,000 | | Baile an Mhuilinn Trá Lí | Ciarraí |
| 2601023.04 | Ógras – Ceatharlach & Tír Mocháin | €5,000 | | Ceatharlach | Ceatharlach |
| 2601023.05 | Ógras – Cluain Dolcáin, Tamhlacht & Marino | €5,000 | | Cluain Dolcáin, Tamhlacht & Marino | Baile Átha Cliath |
| 2601023.06 | Ógras – Dún Dealgan & An Cabhán | €5,000 | | Dún Dealgan & An Cabhán | Lú & An Cabhán |
| 2601023.07 | Ógras – Léim an Bhradáin | €5,000 | | Léim an Bhradáin | Cill Dara |
| 2601023.08 | Ógras – Nás na Rí | €5,000 | | Nás na Rí | Cill Dara |
| 2601023.09 | Ógras – Bealach an Doirín & Naomh Breandáin | €5,000 | | Nás na Rí | Cill Dara |
| 2601023.10 | Ógras - GETNS | €5,000 | | Gaillimh | Gaillimh |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2601023.11 | Ógras – Coláiste Iognáid & Cuan na Gaillimhe | €5,000 | | Gaillimh | Gaillimh |
| 2601024.01 | Spleodar – An Cabhán | €4,800 | | An Cabhán | An Cabhán |
| 2601024.02 | Spleodar – An Muileann gCearr | €4,875 | | An Muileann gCearr | An Iarmhí |
| 2601024.03 | Spleodar – An Uaimh | €4,875 | | An Uaimh | An Mhí |
| 2601024.04 | Spleodar – Áth Luain | €4,515 | | Áth Luain | An Iarmhí |
| 2601024.05 | Spleodar – Baile Brigín | €4,800 | | Baile Brigín | Baile Átha Cliath |
| 2601024.06 | Spleodar - Caisleán Cnucha | €4,800 | | Caisleán Cnucha | Baile Átha Cliath |
| 2601024.07 | Spleodar – Ráth Maonis | €4,800 | | Ráth Maoinis | Baile Átha Cliath |
| 2601024.08 | Spleodar – Ros Comáin | €4,515 | | Ros Comáin | Ros Comáin |
| 2601024.09 | Spleodar – Uarán Mór | €4,800 | | Uarán Mór | Gaillimh |
| 2601022.02 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.61 | Clare Libraries, Clare County Council | €3,240 | | Inis | An Clár |
| 2601022.40 | Naíscoil Bheanna Boirche | | £4,000 | Caisleán Uidhilín | An Dún |
| 2601022.18 | Glen Arts Centre | €5,000 | | Cluainín Uí Ruairc | Liatroim |
| 2601022.43 | Naíscoil an Traonaigh | | £4,000 | Lios na Scéithe | Fear Manach |
| 2601022.09 | Cumann Gaelach Leath Cathail | | £4,000 | Dún Pádraig | An Dúin |
| 2601022.37 | Davenish GAA | | £1,450 | An Garastún | Fear Manach |
| 2601022.38 | Fís an Phobail | | £4,000 | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.34 | Spraoi Ard Mhacha | | | Ard Mhacha | Ard Mhacha |
| 2601022.36 | Naíscoil na Caille | | | Ard Mhacha | Ard Mhacha |
| 2601022.75 | Teach Cairde | | | Inis | An Clár |
| 2601022.47 | Cill Dara le Gaeilge | | | Na Solláin | |
| 2601022.33 | Learn le Grá | | | Maigh Chromtha | Corcaigh |
| 2601022.39 | Club Óige Luraigh | | | Machaire Rátha | Doire |
| 2601022.60 | Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin | | | Caisleán Nua | An Dún |
| 2601022.65 | Spórtlann na hÉireann | | | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.46 | Club Óige an Iúir | | | Iúr Cinn Trá | An Dún |
| 2601022.52 | Glór Inis Eoghain | | | Inis Eoghain | Dún na nGall |
| 2601022.31 | Coiste Craobh Chathair Luimnigh CnaG | | | Luimneach | Luimneach |
| 2601022.72 | Gnó na nÓg 2 | | | Béal Feirste | Aontroim |
| 2601022.59 | Glór Uachtar Tíre 2 | | | Caisleán Uidhilín | An Dún |

Tugadh réamhchead do na méideanna seo a leanas sa chás go gcuirtear maoiniú bhreise ar fáil don scéim trí athdháileadh:

| Uimh. Thag. | Eagraíocht | € Molta | £STG Molta |
|---|---|---|---|
| 2601022.02 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £4,000 |
| 2601022.61 | Clare Libraries, Clare County Council | €3,240 | |
| 2601022.40 | Naíscoil Bheanna Boirche | | £4,000 |
| 2601022.18 | Glen Arts Centre | €5,000 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2601022.43 | Naíscoil an Traonaigh | | £4,000 |
| 2601022.09 | Cumann Galeach Leath Chathail | | £4,000 |
| 2601022.37 | Davenish GAA | | £1,450 |
| 2601022.38 | Fís an Phobail | | £4,000 |

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill R. Nic Fealóin, M. Mac Ailín agus O. Majekodunmi agus d'fhág L. Ní Riada de bharr baol coimhlint leasa.***

3. Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2027

Faomhadh na rudaí seo a leanas faoi Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2027:

(i) Deontas nach mó ná €40,000 a chur ar fáil do Chonradh na Gaeilge.
(ii) Deontas nach mó ná €40,500 (€26,500 don réimse faoi 18 agus €14,000 do dhaoine fásta) a chur ar fáil do Ghael Linn ar na coinníollacha seo a leanas:
   - Go mbronnfar 50% de na scoláireachtaí do dhaoine fásta ar thuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge nó ar thuismitheoirí le páistí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.
   - Go ndéanfar comhoibriú le Glór na nGael (Teanga Tí) maidir le scoláireachtaí do dhaoine fásta agus teaghlaigh acu.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill L. Ní Riada agus d'fhág O. Majekodunmi de bharr baol coimhlint leasa.***

4. Moltaí Chlár na Leabhar Gaeilge

(i) Moladh: Clubleabhar.com agus Seirbhísí Gaolmhara: Síneadh ama 2027-2028 ar chonradh Ghaelchultúr.

Faomhadh síneadh dhá bhliain a chur leis an gconradh agus maoiniú suas go €40,000 sa bhliain (€80,000 san iomlán) a cheadú do Ghaelchultúr do thréimhse dhá bhliain (2027-2028).

(ii) Lá Domhanda na Leabhar 2027

Faomhadh go gcuirfidh Clár na Leabhar Gaeilge €10,000 ar fáil don fhoilsitheoir rathúil le linn 2026 le tús a chur leis an obair agus go gcuirfidh Clár na Leabhar Gaeilge maoiniú nach mó €10,000 ar fáil don fhoilsitheoir rathúil agus an tionscadal curtha i gcrích go héifeachtach acu i mí an Mhárta 2027 (€20,000 san iomlán).

(iii) Scéim na gCoimisiún 2026-2028

Faomhadh na 19 gcoimisiún seo a leanas don tréimhse 1 Iúil 2026 – 30 Meitheamh 2028:

| **Uimhir Thagartha** | **Foilsitheoir** | **Teideal an Choimisiúin** | **Scríbhneoir** | **Deontas molta 2026** | **Deontas molta 2028** |
|---|---|---|---|---|---|
| L26004.04 | Arlen House | Scéalta faoi Cheilt: An Aiteacht sa Ghaeilge le Céad Bliain | Seán Mac Risteaird | €4,000 | €4,500 |
| L26004.06 | Éabhlóid | Neans agus an Scáthán Draíochta | Réaltán Ní Leannáin & Mánus Ó Duibhir | €4,000 | €4,500 |
| L26004.11 | My Irish Books | Ar Chúl an Éaga | Sadhbh Devlin | €4,000 | €4,500 |
| L26004.01 | Óga Yoga | Eachtraí ar an Mata Yoga Draíochta | Ciarán Mac Fhearghusa | €4,000 | €4,500 |
| L26004.14 | Cló Iar-Chonnacht | Emily | Áine Ní Ghlinn | €4,000 | €4,500 |
| L26004.10 | Cló Iar-Chonnacht | An Tóraíocht | Anna Heussaff | €4,000 | €4,500 |
| L26004.07 | Cló Iar-Chonnacht | A+ | Páid Ó Neachtain & Bróna Ní Uallacháin | €4,000 | €4,500 |
| L26004.03 | Cló Iar-Chonnacht | Sé Sé Sé Sé, Gan É | Éamonn Ó Loingsigh | €4,000 | €4,500 |
| | **Cló Iar-Chonnacht (4 Iarratas) - Móriomlán** | | | **€16,000** | **€18,000** |
| L26004.08 | Futa Fata | An Radharc Deiridh | Geraldine Ní Mhiach | €4,000 | €4,500 |
| L26004.13 | Futa Fata | Conamara | Tadhg Mac Dhonnagáin | €4,000 | €4,500 |
| | **Futa Fata (2 Iarratas) - Móriomlán** | | | **€8,000** | **€9,000** |
| L26004.05 | Leabhair Comhar | Saol Rúnda Mhamó | Áine Ní Ghlinn | €4,000 | €4,500 |
| L26004.16 | Leabhair Comhar | Múinteoir Millí | Áine Uí Fhoghlú | €4,000 | €4,500 |
| L26004.09 | Leabhair Comhar | An tOileán Caillte | Richie Conroy | €4,000 | €4,500 |
| L26004.15 | Leabhair Comhar | Katie ar Eachtra Eile | Éadaoin Ní Dhomhnaill | €4,000 | €4,500 |
| | **Leabhair Comhar (4 Iarratas) - Móriomlán** | | | **€16,000** | **€18,000** |
| L26004.02 | Leabhar Breac | Seachrán Samhna | Darach Ó Scolaí | €4,000 | €4,500 |
| L26004.18 | Leabhar Breac | Oileán Úr | Proinsias Mac a' Bhaird | €4,000 | €4,500 |
| L26004.17 | Leabhar | Ó Chéile | Antain Mac | €4,000 | €4,500 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Breac | | Lochlainn | | |
| L26004.19 | Leabhar Breac | Ráig | Colm Ó Ceallacháin | €4,000 | €4,500 |
| L26004.12 | Leabhar Breac | Cinniúint | Eilís Ní Anluain | €4,000 | €4,500 |
| | **Leabhar Breac (5 Iarratas) - Móriomlán** | | | **€20,000** | **€22,500** |
| | **Scéim na gCoimisiún 2026-2028 – Móriomlán** | | | **€76,000** | **€85,500** |

(iv) Coiscéim 2026

Faomhadh maoiniú, suas go €50,000, a chur ar fáil do Choiscéim do 2026 ar na coinníollacha seo a leanas:

- Gur maoiniú eatramhach atá ann do 2026 agus go mbeidh deis ag Coiscéim cur isteach ar Scéim na Foilsitheoireachta 2027-2029.

***Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill O. Majekodunmi.***

**(d) Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste uasdátú ar an méid a pléadh ag an gcruinniú ar an 17 Meitheamh 2026.

1. Clár Rioscaí Bealtaine 2026

Faomhadh Clár Rioscaí Bealtaine 2026.

**Ráiteas Caiteachais go 31 Bealtaine 2026**

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc ar an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2026. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil caiteachas ar sprioc.
- Go raibh tréimhse an-mhaith ag Áis
- Faomhadh an ráiteas caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2026.

Sainordú bainc nua

- Faomhadh an rún go raibh leasuithe le déanamh ar na treoracha bainc maidir le híocaíochtaí a cheadú thar ceann Fhoras na Gaeilge ar na cuntais bhainc atá leagtha amach ar an sainordú.
- Faomhadh sainordú bainc Fhoras na Gaeilge.

**Cuntais 2024**

Cuireadh Cuntais 2024 Fhoras na Gaeilge faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith. Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in iúl don Bhord nach raibh athrú ábhartha ar bith déanta ar an dréacht a tháinig faoi bhráid an Bhoird i Márta 2025.

Faomhadh Cuntais 2024 Fhoras na Gaeilge.

**Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**Aon ghnó eile**

Gabhadh buíochas le I. Ó Dochartaigh, a bhfuil deireadh ag teacht lena thréimhse ar an mBord, as an obair a rinne sé i rith a thréimse ar Bhord Fhoras na Gaeilge.

**An chéad chruinniú eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 11 Meán Fómhair 2026 i mBaile Átha Cliath.

Regina Uí Chollatáin

________________________

**Regina Uí Chollatáin**

**Cathaoirleach**

**16 Meán Fómhair 2026**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2026**

| | 30/01/26 | 06/03/26 | 24/04/26 | 26/06/26 | 11/09/25 | 30/10/26 | 31/10/25 | 11/12/26 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | x | ✓ | ✓ | | | | |
| I.Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | | |
| M. Mac Ailín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | | |
| F Nic Giolla Chatháin | ✓ | x | ✓ | ✓ | | | | |
| Liadh Ni Riada | ✓ | x | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Ghabháin | x | x | x | x | | | | |
| G. Ní Chionnaith | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | | |
| R. Nic Fealóin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| E. Mac Cormaic | ✓ | ✓ | ✓ | x | | | | |
| L. Rushe | ✓ | x | x | ✓ | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| O. Majekodunmi | ✓ | ✓ | x | ✓ | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | *Éirithe as an mBord* | | | | | | |